Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Márta 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0084(COD)**

**7670/22**
**ADD 7**

**CSC 128**
**CSCI 45**
**CYBER 100**
**INST 99**
**INF 40**
**CODEC 385**
**IA 34**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 65 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 65 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 65 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
SWD(2022) 65 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais**

{COM(2022) 119 final} - {SWD(2022) 66 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú tionchair ar shlándáil faisnéise in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais

## A. An Comhthéacs Polaitiúil

I gClár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí le haghaidh 2019-2024, iarrtar ar na hinstitiúidí líonraí faisnéise agus cumarsáide an Aontais agus a phróisis chinnteoireachta a chosaint ar ghníomhaíochtaí mailíseacha de gach cineál, lena n-áirítear ar chibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha. Dá bhrí sin, ba é conclúid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta i mí na Nollag 2019 gur cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí de chuid an Aontais tacar cuimsitheach beart a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a slándáil faisnéise a áirithiú.

I mí Iúil 2020, ghlac an Coimisiún Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála, inar thug sé gealltanas maidir leis na hiarrachtaí náisiúnta i réimse na slándála a chomhlánú. Mar chuid den straitéis sin, mhol an Coimisiún go gcruthófaí sraith íosta rialacha maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil ar fud institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais (UIBanna).

## B. Cén fhadhb atá ann?

Is iad seo a leanas na príomhfhadhbanna: i) difríocht shuntasach idir leibhéal slándála UIBanna ag brath ar a rialacha inmheánacha maidir le slándáil faisnéise agus ii) easpa comhordaithe idir institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais agus a gcúraimí slándála á gcur i gcrích acu.

Tá a rialacha slándála faisnéise féin ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais faoi láthair nó níl na rialacha sin glactha ar chor ar bith acu. Ba é an toradh a bhí ar ilroinnt an chreata dhlíthiúil is infheidhme go raibh catagóirí éagsúla faisnéise neamh-rúnaicmithe ann, marcálacha agus treoracha láimhseála éagsúla ar bhonn uilechoiteann. Maidir leis an méid a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe an Aontais, tá idir-inoibritheacht na gcóras ábhartha teoranta i gcónaí, rud a chuireann cosc ar aistriú rianúil faisnéise idir institiúidí agus comhlachtaí agus leis na Ballstáit.

Cuireann an staid sin leis an mbaol go ndéanfaidh ionsaitheoirí sárú slándála a chruthú sa nasc is laige agus go n-úsáidfear é mar thúsphointe d'ionsaithe breise ar institiúidí nó ar chomhlachtaí eile.

## C. Cad é ba cheart a bhaint amach?

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh rialacha maidir le slándáil faisnéise a chruthú d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an Aontais agus é ina aidhm acu cosaint fheabhsaithe agus chomhsheasmhach a áirithiú i gcoinne na mbagairtí atá ag teacht chun cinn ar a gcuid faisnéise.

Déantar ceithre chuspóir shonracha den chuspóir ginearálta:

- Catagóirí faisnéise comhchuibhithe agus cuimsitheacha a bhunú
- Bearnaí slándála a shainaithint agus na bearta is gá a chur chun feidhme
- Comhar barainneach maidir le slándáil faisnéise a bhunú idir institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais
- Na beartais maidir le slándáil faisnéise a nuachóiriú, agus an claochlú digiteach agus an teilea-

obair á gcur san áireamh

**D. Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla?**

D’aontaigh na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo (institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, Údaráis Slándála Náisiúnta na mBallstát agus saineolaithe taighde ó JRC) go bhfuil gá le caighdeáin choiteanna maidir le slándáil faisnéise d’institiúidí agus do chomhlachtaí uile an Aontais, ina ndírítear ar na pointí seo a leanas:

- Ba cheart éagsúlacht agus timpeallacht éagsúil gnó gach UIB ar leith a chur san áireamh agus ba cheart réiteach áitiúil a cheadú;
- Cé go bhfuil tromlach na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sásta comhoibriú lena gcontrapháirteanna i gcomhlachtaí coiteanna chun críocha slándála faisnéise, níl siad toilteanach a gcumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean;
- Ba cheart an dréacht-Rialachán a dhréachtú i leith chomhaontú Idir-rialtasach[1] na mBallstát maidir faisnéis rúnaicmithe a chosaint.

**E. Cad é tionchar an togra?**

**Tairbhí**

Trí bhonnlíne a chruthú maidir le rialacha slandála faisnéise ar fud institiúidí agus chomhlachtaí de chuid an Aontais, méadóidh an dréacht-Rialachán leibhéil fhoriomlána na slándála faisnéise agus, ag an am céanna, laghdófar na neamhréireachtaí atá ann faoi láthair. Ba cheart dó cuidiú freisin le naisc laga a d’fhéadfadh a bheith ann a dhíothú agus an fhaisnéis a chomhroinntear laistigh den riarachán Eorpach á cosaint ag an am céanna.

Ó thaobh éifeachtúlachta de, ba cheart gnóthachain ó fheidhmiú comhordaithe cúraimí coiteanna slándála faisnéise a bheith mar thoradh ar an dréacht-Rialachán (e.g. imréiteach, creidiúnú Córas Cumarsáide agus Faisnéise) agus cruthú comhchomhlachtaí rialachais (e.g. an Grúpa Comhordaithe Idirinstitiúideach, na foghrúpaí teicniúla).

**Tionchar eacnamaíoch**

Maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, tá coinne leis go gcúiteofar na hiarrachtaí is gá chun an reachtaíocht nua a chur chun feidhme leis na gnóthachain éifeachtúlachta agus féadfar costais bhreise a chumhdach faoi na cláir um fheabhsú slándála faisnéise atá ag gach eagraíocht faoi láthair. San fhadtéarma, bainfidh siad leas as an gcur chuige comhleanúnach chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí ar shlándáil faisnéise atá ag síorathrú.

Ba cheart don Choimisiún Eorpach Buanrúnaíocht an Ghrúpa Comhordaithe Idirinstitiúidigh a áirithiú agus acmhainní daonna a leithdháileadh ar an gcúram sin (oifigeach AD amháin agus oifigeach amháin AST).

[1] Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a a mhalartaítear ar leasanna an Aontais Eorpaigh, 2011/C202/05

| |
|---|
| Ní mheasfar go mbeidh aon tionchar eacnamaíoch ar leibhéal riaracháin na mBallstát ná ar leibhéal na hearnála príobháidí. |
| **F. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar meastóireacht iomlán gach 5 bliana tar éis dháta an chur i bhfeidhm chun tionchar agus cur chun feidhme an dréacht-Rialacháin a mheas. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair ina mbeidh a thorthaí agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. |